## Polaitíocht na hÉireann – Quiz

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Polaitíocht na hÉireann – Quiz** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte*: Iarr ar gach foghlaimeoir an quiz a dhéanamh leo féin ar dtús. Ansin, abair leo na freagraí a bhí acu a phlé ina mbeirteanna.
- Pléigh an quiz leis an rang iomlán. Téigh siar ar an stór focal a bhaineann le cúrsaí polaitíochta na hÉireann.


***Freagraí***

1. Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.
2. An Chláirseach.
3. 1264.
4. Leo Varadkar.*
5. Uachtarán na hÉireann.
6. 18 Aibreán 1949.
7. Seacht mbliana.
8. Fine Gael, Fianna Fáil, Sinn Féin agus Páirtí an Lucht Oibre.*
9. An Dáil agus an Seanad.
10. An Dáil agus Teachtaí Dála.
11. Ionadaíocht chionmhar.
12. An Páirtí Aontachtach Daonlathach agus Páirtí Sóisialta agus Daonlathach an Lucht Oibre

- Bí cinnte go bhfuil ceisteanna 4 agus 8 suas chun dáta. Beidh ort féin an freagra ceart a sholáthar. Seo na páirtithe polaitíochta is mó sa tír faoi láthair: Fine Gael, Fianna Fáil, Sinn Féin, Páirtí an Lucht Oibre, an Comhaontas Glas, na Daonlathaigh Shóisialta, Pobal Roimh Bhrabús agus na Neamhspleáchaigh.

## Polaitíocht na hÉireann – Plé

- Pléigh an stór focal atá sa chiorcal sula scaipfidh tú an bhileog. Seo cúpla smaoineamh chun an stór focal a chur i láthair na bhfoghlaimeoirí:
  - ✓ Is féidir leat na focail a scríobh ar an chlár le cuid de na litreacha in easnamh. Roinn an rang i mbeirteanna agus iarr orthu na focail a chríochnú. Tabhair cúpla nod chun cuidiú leo, mar shampla: 'Tá 26 cinn acu seo in Éirinn.' (Comhairle Contae)
  - ✓ Thiocfadh leat an cluiche 'An Crochadóir' a imirt. Mínigh don rang go mbeidh siad ag plé stór focal a bhaineann le polaitíocht na hÉireann.
    - Roinn an rang ina dhá leath.
    - Tarraing líne ar an chlár agus scríobh 'Foireann A' ar thaobh amháin an chláir agus 'Foireann B' ar an taobh eile.
    - Roghnaigh focal amháin do A agus scríobh an focal sin i bhfoirm daiseanna ar thaobh A den chlár. Roghnaigh focal **eile** do B agus déan an rud céanna. Mar shampla: (Comhairle Contae) _ _ _ _ _ _ _ _  _ _ _ _ _ _.
    - Iarr ar A litir ón aibítir a sholáthar. Má tá an litir sin san fhocal líon isteach é. Mura bhfuil, tarraing ball coirp an fhir atá le crochadh.
    - Déan an rud céanna le B. Lean ar aghaidh go dtí go bhfuil an focal acu – is é sin, tá an bua ag an fhoireann sin agus faigheann siad pointe, nó lean ar aghaidh go dtí go bhfuil an fear tarraingthe agat – is é sin, nach bhfuil pointe tuillte ag an fhoireann.



- Ná scaip an bhileog go fóill. Pléigh na briathra frásacha atá sa bhosca leis an rang ar dtús, trí na nathanna a scríobh ar an chlár GAN na réamhfhocail shimplí. Iarr ar na foghlaimeoirí an réamhfhocal simplí cuí a aimsiú.
- Scaip **Polaitíocht na hÉireann – Plé** ar an rang agus léigh na ceisteanna leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad gach ceist.
- *Obair ghrúpa – plé*: Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus tabhair tamall sách fada cainte dóibh. Abair leo úsáid a bhaint as an stór focal sa chiorcal agus na briathra frásacha sa bhosca agus iad ag caint. Bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta, pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn an chomhrá agus pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán.

## Na Ranna Rialtais

- Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus scaip **Na Ranna Rialtais** ar gach duine sa rang.
- *Obair bheirte – plé*: Léigh na treoracha leis an rang iomlán agus iarr ar gach beirt na ranna rialtais a phlé le chéile. Abair leo dul go dtí an suíomh www.gov.ie mura bhfuil siad cinnte faoi bhrí na dteideal. Pléigh teidil na ranna leis an rang ar fad ansin, ag cur béime faoi leith ar an fhoghraíocht.
- *Obair bheirte – Airí Rialtais*: Léigh tríd na treoracha le bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí cad atá le déanamh. Caithfidh siad na ranna a roinnt i dtrí chatagóir ó thaobh tábhachta de. Nuair atá na ranna curtha sna boscaí acu, iarr ar gach beirt na roghanna a rinne siad a phlé le chéile. Ba cheart go mbeadh siad in ann údar a thabhairt lena gcuid tuairimí. Mar shampla:

  *Thabharfainnse an chuid is mó airgid don Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige. Caithfimid tacaíocht níos fearr a thabhairt don óige. Is í an óige todhchaí na tíre. Mar a deir an seanfhocal, 'mol an óige agus tiocfaidh sí'. Tá an iomarca páistí a ndéantar faillí orthu agus níl sé cóir nó ceart.*

- *Obair bheirte – plean oibre rialtais:* Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag dul níos doimhne sa scéal anois. Caithfidh siad ceann amháin de na ranna a chuir siad sa bhosca thuas a phlé le chéile. Caithfidh siad a bheith in ann a rá conas a chaithfidís an t-airgead. Mar shampla:

  - *Chuirfimis áisíneacht stáit ar bun a thabharfadh aire do leanaí na tíre.*
  - *Dhéanfaimis forbairt ar ospidéil leanaí ar fud na tíre.*
  - *Chinnteoimis go raibh cúram leanaí réamhscoile ann do chách.*
  - *Chuirfimis tús le feachtas chun nósanna itheacháin níos sláintiúla a chothú sa scoil agus sa bhaile.*

## Gnóthaí Eachtracha – Dán

- Scaip **Gnóthaí Eachtracha – Dán** ar gach duine sa rang agus abair leo an dán a léamh iad féin ar dtús. Treoraigh na foghlaimeoirí i dtreo na gluaise chun cuidiú leo.
- Bí ag siúl timpeall an ranga ag cuidiú leo más gá. Nuair atá an dán léite acu, iarr ar gach beirt aon deacracht a bhí acu a phlé le chéile, sula bpléifidh tú féin aon cheist a bheadh acu. Ná pléigh téama an dáin ag an phointe seo. Is leor cúrsaí teanga agus an stór focal a phlé go fóill.

## Gnóthaí Eachtracha – Plé

- Scaip **Gnóthaí Eachtracha – Plé** ar gach duine sa rang agus roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna.
- *Obair bheirte – tagairtí cultúrtha*: Iarr ar gach beirt na tagairtí ón dán a phlé le chéile.

  1. an deoraí caol dubh – inimirceach a tháinig go dtí na Stáit Aontaithe
  2. an Rí a chroith a chromáin – Elvis, b'fhéidir, The King mar a thugtar air
  3. Banríon na finne – ní fios go cinnte ach is dócha gur ag tagairt do Marilyn Monroe atá an file, nó do leannán éigin a bhí ag Uachtarán Mheiriceá
  4. Uncle Sam – Siombail de Rialtas Feidearálach na Stát Aontaithe

5. Jack Daniels – an t-uisce beatha Meiriceánach is mó tóir air ar domhan
6. Mr Bojangles – amhrán ceol tíre ó na Stáit Aontaithe. Deirtear gur scríobh Jerry Jeff Walker an t-amhrán i ndiaidh dó casadh le taibhealaíontóir sráide ó New Orleans nuair a bhí siad beirt i bpríosún

- *Obair ghrúpa – plé*: Cuir triúr nó ceathrar ina suí le chéile agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta, pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn an chomhrá; agus pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán. Tuairimíocht atá ann. Má tá aip sruthú ceoil ag duine ar bith sa rang, thiocfadh leat ceann de na hamhráin a phléigh siad a sheinm sa rang.
- *Obair leat féin – céim eile*: Is féidir an tasc seo a thabhairt mar obair bhaile. Ní gá dóibh ach cúpla abairt a scríobh. Is é aidhm an taisc ná go ndéanfadh na foghlaimeoirí taighde ar ghné amháin de na heachtraí polaitíochta luaite sa dán. Iarr ar gach foghlaimeoir an méid a scríobh siad a léamh amach do na daoine eile sa rang. Cuir béim ar an fhoghraíocht le linn na gníomhaíochta. Scríobh liosta de na focail thábhachtacha ar an chlár a tháinig chun cinn le linn na gníomhaíochta.

## Gnóthaí Eachtracha – Léamh A

- Scaip **Gnóthaí Eachtracha – Léamh A** ar an rang.
- *Obair ghrúpa – réamhobair léitheoireachta*: Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar. Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.
- *Obair bheirte – cúrsaí foclóra*: Cuir gach beirt ag obair le chéile. Iarr orthu na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis. Téigh siar ar na freagraí leis an rang iomlán ansin.

***Freagraí***

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 | 13 | 14 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| i | b | a | l | d | c | n | m | j | e | f | k | h | g |

- *Obair ghrúpa – cluiche cuimhne*: Abair leis an rang go mbeidh siad ag imirt cluiche cuimhne, bunaithe ar an stór focal atá díreach pléite. Seo an dóigh leis an chluiche a reáchtáil:
  - ✓ Gearr amach na cártaí thíos agus cuir na cártaí ar fad i gclúdach litreach. Ba cheart go mbeadh 24 cárta agat i ngach clúdach litreach.
  - ✓ Cuir triúr le chéile i ngach grúpa agus tabhair clúdach litreach amháin do gach grúpa.
  - ✓ Abair leo na cártaí a shuaitheadh agus a leagan ar an bhord, béal faoi.
  - ✓ Roghnóidh an chéad duine dhá chárta agus tiontóidh siad na cártaí thart, béal suas. Más péire focal atá iontu, mar shampla, *Monabhar* agus *Murmur*, coinníonn siad na cártaí agus tá pointe buaite acu. Más dhá fhocal dhifriúla atá ar na cártaí, nach péire iad, mar shampla, *Monabhar* agus *Gluttony*, ní bhuann siad pointe agus cuireann siad na cártaí síos arís (san áit chéanna), béal faoi.
  - ✓ Roghnóidh an dara duine dhá chárta ansin agus tarlóidh an rud céanna.
  - ✓ Leanann an cluiche ar aghaidh go dtí nach bhfuil aon chártaí fágtha ar an bhord.
  - ✓ Is é an buaiteoir an duine leis an líon is mó cártaí ag an deireadh.

**Cluiche Cuimhne** **Cártaí le gearradh**

| | | | |
|---|---|---|---|
| monabhar | dánacht | baoite | ag slogadh |
| cinseal geal | cleasaíocht | diallait | ráinigh |
| marmar | oighear an scéil | bait | boldness |
| happen | hint | irritating part of the story | marble |
| surface | swallowing | trickery | white supremacy |
| craos | buaileann sciath | sanas | dromchla |
| braggadocio | gluttony | murmur | saddle |

## Gnóthaí Eachtracha – Léamh B

- Seo roinnt moltaí chun an téacs a láimhseáil sa rang:
  - ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí an t-alt a léamh go ciúin iad féin ar dtús agus líne a chur faoi na focail nach dtuigeann siad. Pléigh na focail dheacra leis an rang iomlán ansin. / Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla cúpla líne a léamh os ard agus pléigh cibé deacracht foghraíochta nó foclóra a thagann chun cinn. / Iarr ar gach beirt nó triúr an téacs a léamh os ard le chéile agus bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo.
  - ✓ Cuir ceisteanna faoin alt ar an rang le bheith cinnte gur thuig siad an méid a léigh siad.
  - ✓ Roinn an téacs i dtrí chuid agus iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla cur síos a dhéanamh duit ar ábhar na n-alt sa téacs.
  - ✓ Roinn an rang i mbeirteanna agus iarr ar gach beirt ceisteanna a chumadh bunaithe ar an téacs le cur ar an duine eile. Pléigh roinnt de na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.
  - ✓ Ag brath ar chruthaitheacht an ranga, thiocfadh leat iarraidh ar gach beirt scéalchlár a chruthú bunaithe ar an téacs.

## Míreanna nuachta

- *Obair ghrúpa*: Cuir gach triúr nó ceathrar ina suí le chéile. Bíodh ar a laghad grúpa amháin agat a dhéanfaidh mír nuachta faoi pholaitíocht na hÉireann agus ar a laghad grúpa amháin eile a dhéanfaidh mír nuachta faoin pholaitíocht idirnáisiúnta. Mínigh dóibh go mbeidh orthu 1) mír a aimsiú le chéile 2) féachaint ar an mhír le chéile 3) duine ón ghrúpa a roghnú le hábhar na míre a chur i láthair an ranga ar dtús 4) duine eile a roghnú leis an mhír a sheinm agus ceisteanna cluastuisceana a chur ar an rang agus 5) duine eile a roghnú chun pointe gramadaí ón Vifax sin a mhúineadh don rang.
- Tá an seans ann go mbeidh barraíocht calláin sa rang má tá gach duine ag féachaint ar mhíreanna nuachta éagsúla ag an am céanna. Seo cúpla réiteach ar an scéal:
  - Abair leis na foghlaimeoirí cluasáin a thabhairt isteach don chuid seo den rang.
  - Cuir an mhír chéanna ar siúl don rang ar fad. Roghnaigh cúigear ón rang leis na tascanna thuas a dhéanamh.
- Seo roinnt moltaí eile chun ábhar Vifax a láimhseáil sa rang:
  - ✓ Abair leis na foghlaimeoirí mír a roghnú iad féin le féachaint uirthi mar obair bhaile. Beidh orthu ansin cur síos a dhéanamh don rang ar ábhar na míre.
  - ✓ Roghnaigh mír ó Vifax tú féin agus déan na ceachtanna atá bunaithe uirthi leis an rang.
  - ✓ Roghnaigh mír ó Vifax tú féin agus cuir béim faoi leith ar chúrsaí canúna.

## Cén ról atá ag an rialtas?

- Scaip **Cén ról atá ag an rialtas** ar an rang.
- *Obair bheirte – plé ginearálta*: Roinn an rang i ngrúpaí de bheirteanna agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh na ceisteanna leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud. Tabhair tamall sách fada cainte dóibh agus bí ag siúl thart ag éisteacht lena gcuid cainte. Ag deireadh na gníomhaíochta, pléigh aon deacracht a tháinig chun cinn le linn an chomhrá; agus pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán.